# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Magnus BRUNNER

## Gnóthaí inmheánacha agus Imirce

### 1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Le linn mo ghairmréime ar fad sa pholaitíocht – go háirithe mar fheisire de pharlaimint (Bundesrat) na hOstaire agus mar Aire Airgeadais na hOstaire – ba é an cuspóir a bhí agam i gcónaí naisc a chothú idir grúpaí leasmhara, pobail páirtithe leasmhara agus páirtithe, chun leas coiteann shaoránaigh na hOstaire a shaothrú. An leas ginearálta a shaothrú, sin an rud is mian liom a bhaint amach ar an leibhéal Eorpach, má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir. An leas ginearálta agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn, tá sé sin fíor-riachtanach, i mo thuairimse, go háirithe i réimsí na himirce, na dteorainneacha agus na slándála. Oibreoidh mé go dian chun a áirithiú, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon, go mbeidh ár gcóras (atá bunaithe ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann) dea-ullmhaithe, cothrom, comhleanúnach agus – thar aon ní eile – in ann muinín na saoránach agus na rialtas araon a spreagadh.

I gcomhréir leis na treoirlínte polaitiúla, beidh mé ag díriú go láidir ar fheabhas a chur ar thírdhreach slándála foriomlán an Aontais ar a bhfuil ár sochaithe ag brath. Ar an gcaoi chéanna, oibreoidh mé leis na páirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu le gnéithe inmheánacha agus seachtracha na himirce. I réimse na himirce, leanfaidh mé cur chuige dériain, lena ndéanfar na rianta reachtacha agus oibríochtúla a shaothrú araon, ionas gur féidir linn bealach chun cinn atá uaillmhianach agus cothrom a chur i bhfeidhm le chéile. Oibreoidh mé chun comhtheorainneacha seachtracha láidre a áirithiú, rud a chuirfidh sábháilteacht ar fáil do shaoránaigh na hEorpa, agus chun digitiú na gcomhtheorainneacha seachtracha sin a áirithiú, rud a éascóidh gnó, turasóireacht, obair agus staidéar. Oibreoidh mé ar straitéis slándála inmheánaí an Aontais Eorpaigh, straitéis lena n-áiritheofaí go mbeadh saoránaigh in ann leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

Creidim go láidir sa Choimisiún mar chomhlacht coláisteach, comhlacht ina nglacann na Comhaltaí uile páirt sna díospóireachtaí agus ina rannchuidíonn siad go trédhearcach le cinntí eolasacha atá ailínithe le leas shaoránaigh na hEorpa. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh mé i mo Chomhalta tiomanta den Choláiste ina iomláine agus oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Comhaltaí eile an Choláiste mar fhoireann, de mheon coláisteachta, agus sinn ag glacadh úinéireacht iomlán ar an méid a aontóidh an Coimisiún.

Breithnithe inscne agus óige a phríomhshruthú i mbeartais imirce agus slándála an Aontais, is rud é sin atá ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla atá os comhair na ngrúpaí sin. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú, agus tearmann á lorg ag mná agus leanaí, go n-urramaítear a gcearta agus go maolaítear na rioscaí ar leith atá rompu. Teastaíonn tacaíocht spriocdhírithe uathu freisin chun rochtain a fháil ar oideachas, ar chóiríocht, ar chúram sláinte agus ar oiliúint ghairmiúil, rudaí a chuirfidh ar a gcumas dóibh páirt iomlán a ghlacadh inár sochaithe, má dheimhnítear a stádas dídeanaí. Tá sé ar intinn agam leanúint de thacú leis na Ballstáit tríd an tacaíocht spriocdhírithe is gá chuige sin a thabhairt dóibh, agus Plean Gníomhaíochta an Aontais um Imeascadh agus Cuimsiú agus cistiú ón Aontas á ngiaráil.

Is mná agus leanaí iad formhór íospartaigh coireanna éagsúla, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach agus gáinneáil ar dhaoine. Nuair a bhíonn siad thíos le gníomhartha gránna den sórt sin, bíonn cúnamh agus cosaint láithreach de dhíth orthu mar gheall ar a leochaileacht mhéadaithe. Tá mé tiomanta tús áite a áirithiú i reachtaíocht agus i mbeartais an Aontais do dhearcthaí na mban agus na leanaí chun a sábháilteacht a ráthú. San am céanna, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na breithnithe sin a phríomhshruthú chun an choireacht a chosc go héifeachtach.

Áiritheoidh mé an comhionannas inscne i gcomhdhéanamh mo *Cabinet*, agus i ngach réimse faoi mo fhreagracht. Go deimhin, tá cuntas teiste láidir agam i ndáil leis an méid sin: le linn mo thréimhse mar Aire Airgeadais, tá cothromaíocht inscne bainte amach ag leibhéal ardbhainistíochta ('Sektionschef') na hAireachta den chéad uair ina stair 170 bliain.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, urramóidh mé go hiomlán an oibleagáid gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa agus gan aon teagasc a ghlacadh, oibleagáid a leagtar síos sna Conarthaí. Geallaim go seachnóidh mé aon chás ina bhféadfaí mo neamhspleáchas, nó mo neamhchlaontacht a cheistiú. Urramóidh mé an Cód Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach agus na forálacha atá ann maidir le coinbhleacht leasa. Tá mo Dhearbhú Leasanna líonta isteach go hiomlán agam agus tá mé tiomanta é a thabhairt cothrom le dáta más gá aon athrú air agus nuair is gá sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, ní chasfaidh mé féin ná comhaltaí mo *Cabinet* ach le páirtithe leasmhara agus le hionadaithe páirtithe leasmhara atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Creidim go gcaithfidh an t-idirphlé eadrainn a bheith rialta agus straitéiseach, agus go gcuimseofaí leis na tosaíochtaí agus an staid mar atá sna réimsí a chumhdaítear faoi mo shainchúraimí. Táim lánchinnte gur deis úsáideach í seo dúinn chun a bhfuil ag titim amach go polaitiúil a mheas, deis d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus dom féin araon; agus níl aon amhras orm ach go dtiocfaidh smaointe nua agus moltaí cuiditheacha chun cinn. Mar a leagtar amach i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí, ba cheart dúinn dul i mbun malartaithe ar shaincheisteanna cur chun feidhme freisin: leis an gComhshocrú, tugtar deis teacht ar bhealaí nua chun go n-oibreoidh leibhéal an Aontais agus na Ballstáit le chéile i ndáil le seachadadh, agus is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag tacaíocht Pharlaimint na hEorpa chun go bhfeidhmeoidh an Comhshocrú go maith.

Tar éis dom bheith i m'Fheisire Parlaiminte i mo thír féin, is mór agam ról na Parlaiminte mar ionadaí do shaoránaigh na hEorpa, agus is mian liom idirphlé polaitiúil oscailte agus leanúnach a bheith agam libh ar gach leibhéal. Tá sé ar intinn agam páirt a ghlacadh i ngach seisiún iomlánach ina bpléitear na hábhair atá faoi mo fhreagracht, agus freagra a thabhairt, a mhéid is féidir, ar bhur nglaonna chun tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo.

Le seachtainí beaga anuas, bhí an deis agam cheana féin bualadh le roinnt Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ina n-aonar, lena n-áirítear Cathaoirleach an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus tá sé beartaithe agam bealach cumarsáide rialta agus oscailte a chur ar bun leis na Feisirí sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá sé ar intinn agam an méid sin a bheith mar ghnáthchleachtas agam agus, maidir le freagraí ar cheisteanna ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa chuig an gCoimisiún a thagann faoi mo fhreagracht, tá sé ar intinn agam mo dhícheall a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear ar fáil iad go tapa laistigh den laistigh den tréimhse ama chomhaontaithe.

Thug an tUachtarán toghaí, von der Leyen, gealltanas os bhur gcomhair i mí Iúil gur cheart dúinn dul chuig gach cearn den Eoraip lenár mbeartais, agus bheith i láthair i measc shaoránaigh na hEorpa, lena mianta agus lena n-ábhair imní laethúla. Tá mé tiomanta é sin a dhéanamh, lena n-áirítear dul ar cuairt chuig tionscadail ina bhfuil gníomhaíocht Eorpach ag cabhrú lenár saoránaigh mothú sábháilte, ina gcuireann bainistiú imirce breisluach AE ar fáil nó ina gcuidíonn trealamh atá maoinithe ag an Aontas lenár dteorainneacha a chosaint agus taisteal

dlisteanach a éascú. Ba mhaith liom bualadh le saoránaigh agus le húdaráis a bhfuil aghaidh á thabhairt go díreach acu ar dhúshláin a bhaineann leis na beartais a mbeidh mé ag obair orthu.

Maidir le saincheist bhunúsach na trédhearcachta, tá go leor uirlisí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun faisnéis i réimse na nGnóthaí Baile a chomhroinnt le Parlaimint na hEorpa, uirlisí thar na sásraí rialta formhaoirseachta. Táim ag smaoineamh anseo ar na tuarascálacha ar fhigiúirí maidir le filleadh agus athligean isteach a chuirtear ar fáil dhá uair sa bhliain don Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, nó ar rannpháirtíocht ionadaí ó Pharlaimint na hEorpa ar Bhord Bainistíochta Frontex, agus ar an nGrúpa um Ghrinnscrúdú Parlaiminteach Comhpháirteach ar Europol (GGPC). Cuirfidh an Coimisiún ar an eolas sibh go tráthrialta maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann agus ina dhiaidh sin trína Thuarascáil Bhliantúil ar Thearmann agus Imirce. Ullmhóimid freisin Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú agus Cur Chun Feidhme. Táim lánchinnte go gcuirfidh an tuairisciú sin tuilleadh feabhais ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht ár ngníomhaíochta feidhmiúcháin.

Maidir le gné sheachtrach na himirce go sonrach, féachfaidh mé le leibhéal na trédhearcachta agus infheictheacht na faisnéise a fhaigheann sibh a mhéadú, agus molfaidh mé go dtabharfaidh mo sheirbhísí faisnéis daoibh ar na misin sheachtracha a rinneadh, ar a dtorthaí agus ar na chéad chéimeanna eile.

Tá mé tiomanta urraim a thabhairt do chleachtas seanbhunaithe an Choimisiúin freagraí ar rúin na Parlaiminte a thabhairt i scríbhinn laistigh de 3 mhí. Mar a d’iarr an tUachtarán toghaí, von der Leyen, eagróidh mé idirphlé struchtúrtha leis an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile chun bealach chun cinn a leagan amach maidir le haon Rún faoi Airteagal 225 a ghlacfaidh an Pharlaimint ina n-iarrfar tograí reachtacha, agus, ar aon dul leis an Uachtarán toghaí, von der Leyen, tacaím le ceart tionscnaimh na Parlaiminte.

Ar deireadh, mar iar-Fheisire de Pharlaimint náisiúnta, is mór agam prionsabal na córa comhionainne i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain ar chruinnithe, cuir i gcás comhdhálacha, ceardlanna agus cruinnithe ardleibhéil; ach chomh maith céanna, lena n-áirítear hionchur nó faisnéis eile a sholáthar, mar shampla maidir le hábhair reachtacha agus bhuiséadacha. Tá mé tiomanta do phrionsabal an chomhionannais a urramú, go háirithe roimh mhórimeachtaí.

Ceisteanna ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

**3. Imirce agus Tearmann**

*Sa Chomhshocrú nua maidir le hImirce agus Tearmann, tá creat reachtach lena mbunaítear córas cuimsitheach i réimse an bhainistithe tearmainn agus imirce, trína n-aimsítear cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chóir freagrachta i gcomhréir le hAirteagal 80 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus trína gcosnaítear cearta bunúsacha, agus trína dtreisítear leis an muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit ag an am céanna.*
*Conas a dhéanfaidh tú faireachán ar an dul chun cinn tráthúil i leith na gcéimeanna riaracháin, oibríochtúla agus dlíthiúla is gá do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí an Aontais a dhéanamh chun go dtiocfaidh an Comhshocrú i bhfeidhm go hiomlán faoi shamhradh 2026, agus conas a thabharfaidh tú aghaidh ar aon mhoill ar thagarmharcanna an Phlean Cur Chun Feidhme Choitinn a chomhlíonadh? Cad iad na bearta atá beartaithe agat a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfaidh an tAontas cistiú leordhóthanach agus tráthúil a sholáthar do na Ballstáit agus do na gníomhaireachtaí chun an Comhshocrú a chur i bhfeidhm go réidh? Ós rud é go bhfuil sonraí cruinne ó na Ballstáit chuig gníomhaireachtaí an Aontais agus chuig an gCoimisiún ríthábhachtach chun ullmhacht agus riachtanais iarbhír gach Ballstáit a shainaithint chun a bheith in ann brú imirce nó géarchéim imirce a bhainistiú, cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun cultúr comhroinnte sonraí agus muiníne frithpháirtí a chothú?*
*Tagraítear i do litir mhisin freisin do chomhar a dhéanamh leis na Ballstáit chun comhordú níos láidre a dhéanamh ar oibríochtaí tarrthála. Cén ról, dar leat, a bheidh agatsa agus cén ról a bheidh ag an Aontas Eorpach ina leith sin?*
*De réir do litreach misin, ba cheart cur chuige coiteann nua a ghlacadh, bunaithe ar rialacha nua-aimseartha, i leith imircigh atá ag fanacht go neamhrialta i mBallstát a chur ar ais; cad iad na céimeanna reachtacha atá beartaithe agat a ghlacadh ina leith sin? Cén ról, dar leat, a bheidh ag cinntí um chur ar ais imirceach a aithnítear go frithpháirteach sa chomhthéacs sin, agus conas a neartóidh tú beartais um athligean isteach chun a áirithiú go ndéanfar imircigh a chur ar ais go héifeachtach? Conas a áiritheoidh tú go mbeidh saincheisteanna imirce ina gcuid oibríochtúil dár gcomhpháirtíochtaí cuimsitheacha le tríú tíortha agus fós cearta bunúsacha a urramú go hiomlán agus conas a thabharfaidh tú ról don Pharlaimint ina leith sin, agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú go mbeidh sí in ann maoirseacht éifeachtach a dhéanamh agus a sainchumais bhuiséadacha a fheidhmiú go héifeachtach?*

*Cén tuiscint atá agat ar 'réitigh oibríochtúla nuálacha chun cur i gcoinne na himirce neamhrialta', arb amhlaidh, de réir do litreach misin, a dhéanfaidh tú machnamh orthu a stiúradh? Cad iad na bearta atá beartaithe agat a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne smuigléirí imirceach agus gáinneálaithe ar dhaoine?*
*Is gá bealaí dlíthiúla sábháilte agus inmharthana a bheith ann i dteannta cur chuige coiteann rathúil de chuid an Aontais i leith na himirce, agus is gá dídeanaithe a athlonnú agus iad a imeascadh leis an bpobal agus i margaí saothair. Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach go hiomlán agus go fóinteach i gCreat Athlonnaithe an Aontais?*
*Maidir leis an imirce dhleathach de, luaitear i do litir mhisin go n-oibreoidh tú ar conas náisiúnaigh tríú tír a bhfuil na scileanna cearta acu chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair áitiúil san Aontas a mhealladh; cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun tacú leis na comhreachtóirí agus iad ag obair ar Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú, ar bhearta lena simplítear aitheantas cáilíochtaí eachtracha a chur chun cinn, agus ar bhailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht ar an Treoir maidir le Cónaitheoirí Fadtéarmacha? Cad iad na bearta eile, bídís ina mbearta reachtacha nó ina mbearta neamhreachtacha, atá beartaithe agat a dhéanamh sa réimse seo?*

Díreoidh mé ar gach gné den Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a thabhairt ar an bhfód, ar bhealach tráthúil agus iomlán, má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán. Tá sé i gceist agam dianfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhshocraithe, i gcomhréir leis an bPlean Cur Chun Feidhme Coiteann, chun a áirithiú go nglacfaidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais na céimeanna ar fad is gá chun go dtiocfaidh an Comhshocrú i bhfeidhm go hiomlán faoi lár 2026. Beidh mé réidh le dul i mbun oibre chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme agus cur chuige cothrom á áirithiú san am céanna idir freagracht agus dlúthpháirtíocht mar aon leis an ngné inmheánach agus sheachtrach den Chomhshocrú. Is eiseamláir an Comhshocrú den bhealach ar féidir le leibhéal an Aontais agus leis na Ballstáit oibriú i ndlúthchomhar le chéile chun reachtaíocht fhorleathan chasta a bhaint amach: Tá sé i gceist agam a bheith i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit, trí chruinnithe agus cuairteanna déthaobhacha rialta chun tacú le teagmhálaithe ar an leibhéal teicniúil agus oibríochtúil. I dteannta ár n-idirphlé agus ár malartuithe rialta, chuirfinn faisnéis ar fáil go rialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le staid na himeartha. Tá sé i gceist agam úsáid a bhaint as Ardán Comhordúcháin an Chomhshocraithe atá á chur ar bun ag an gCoimisiún chun formhaoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun comhar leordhóthanach a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Gheobhaidh na Ballstáit tacaíocht spriocdhírithe shaincheaptha chun comhleanúnachas a áirithiú ar leibhéal an Aontais, agus gheobhaidh siad cúnamh ó Ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.

Ní mór a áireamh sa tacaíocht a thabharfar do na Ballstáit cúnamh i ndáil leis an acmhainneacht airgeadais is gá chun na gealltanais dhlíthiúla faoin gComhshocrú sa chleachtas a chomhlíonadh. Tá na riachtanais sin aitheanta ag an údarás buiséadach trí chistiú breise a thabhairt, agus cuireadh EUR 1.8 billiún ar fáil faoin athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), agus bhí EUR 1.6 billiún mar thoradh ar an athbhreithniú meántéarma ar na Cistí Gnóthaí Baile agus na cláir náisiúnta faoi na hionstraimí sin. Rannchuideoidh cistiú ón Aontas le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais a shainaithníonn na Ballstáit ina bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme. Mar sin féin, tá an cistiú teoranta fós agus ní bheifear in ann na costais uile a chumhdach, agus é á chur san áireamh go bhfuil gá leis an gcistiú chun tacú leis na Ballstáit maidir le dídeanaithe ón Úcráin freisin, agus dá bhrí sin ba cheart é a leithdháileadh ar na réimsí is mó inar féidir leis breisluach a bhaint amach i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cothóidh mé muinín fhrithpháirteach agus comhroinnt faisnéise. Mar chuid thábhachtach de chur chun feidhme an Chomhshocraithe, déanfaidh mé an timthriall bliantúil bainistithe imirce a stiúradh go dlúth, leis an gcéad Tuarascáil Bhliantúil maidir le Bainistiú Imirce. Chun léargas cruinn a thabhairt ar staid na himirce san Aontas, ní mór an Tuarascáil a bheith bunaithe ar shonraí iontaofa, atá ar ardchaighdeán agus tráthúil, a chuireann na Ballstáit ar fáil, de réir a n-oibleagáidí tuairiscithe. Tá sé i gceist agam ról an Líonra AE um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce a chur chun cinn tuilleadh le linn mo shainordaithe agus comhroinnt oscailte agus rannpháirtíocht ghníomhach ó ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus ó na Ballstáit a spreagadh. Tá cur chun feidhme tráthúil an Eurodac nua ríthábhachtach. Thacóinn le rolladh amach agus úsáid iomlán an chreata idir-inoibritheachta agus an Eurodac nua chun bailiú agus comhroinnt éifeachtúil sonraí imirce a éascú, rud a áiritheoidh formhaoirseacht uile-Aontais agus úsáid oibríochtúil laethúil a mbainfidh na Ballstáit astu. Chuirfinn cultúr ullmhachta, comhair agus athléimneachta chun cinn freisin, trí thacú leis na Ballstáit ina bhfreagrachtaí nua pleanáil theagmhasach a chur i bhfeidhm maidir le gach gné de bhainistiú imirce.

Tá sraith nua-aimseartha rialacha de dhíth ar an Aontas chun dlús a chur le filleadh daoine nach bhfuil aon cheart acu fanacht san Aontas agus chun an filleadh sin a shimpliú. Toisc nár comhaontaíodh togra na bliana 2018 go fóill, agus i gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, tá sé i gceist agam dul i mbun oibre go práinneach ar chur

chuige comhchoiteann nua maidir le fillteacha. Is é atá i gceist leis sin togra nua le haghaidh reachtaíochta, chun dlús a chur le fillteacha agus iad a shimpliú, lena sainítear oibleagáidí soiléire comhair don fhillí, lena ndéantar an próiseas níos éifeachtúla, lena ndéantar bainistiú cásanna a dhigitiú agus lena ndéantar foráil maidir le haitheantas frithpháirteach cinntí a chéile um fhilleadh.

Ina theannta sin, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus Coimisinéirí eile, d'oibreoinn ar leibhéal an Aontais agus leis na Ballstáit chun úsáid a bhaint as na huirlisí agus na beartais uile atá ar fáil, lena n-áirítear taidhleoireacht, víosaí, trádáil agus forbairt, chun comhar maidir le hathligean isteach a chothú le tríú tíortha. Ní mór ár mbeartais a ghiaráil chun a áirithiú go nglacfaidh tíortha lena náisiúnaigh féin a thógáil ar ais. I gcomhthreo leis sin, tá sé fíor-riachtanach conairí dlíthiúla agus deiseanna athlonnaithe a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil cosaint de dhíth orthu, nithe a d'fhéadfadh a bheith ina ndreasachtaí chun an comhar maidir le hathligean isteach a fheabhsú.

Ciallaíonn an comhcheangal sin cur chuige cothrom, daonnúil cuimsitheach i leith na himirce a théann chun tairbhe na hEorpa agus ár gcomhpháirtithe araon.

Is bunchloch den chóras Eorpach um bainistiú teorainneacha agus imirce gné sheachtrach na himirce. Tá an imirce casta agus is minic a thosaíonn sí i bhfad ónár dteorainneacha. Chun an imirce a bhainistiú go héifeachtach daonnachtúil, ní mór dúinn turas iomlán na n-imirceach a mheas, trí chur chuige an bhealaigh iomláin – ón tír thionscnaimh, tríd na tíortha idirthurais, chuig an gceann scríbe – agus ceannasacht náisiúnta, luachanna agus creat dlíthiúil an Aontais, cearta bunúsacha agus oibleagáidí idirnáisiúnta á n-urramú san am céanna. Beidh na ceanglais sin lárnach i gcónaí sna hiarrachtaí comhair uile le tríú tíortha, lena n-áirítear i ngach comhpháirtíocht chuimsitheach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Réigiún na Meánmhara, lena n-áirítear ar an gComhshocrú nua don Mheánmhuir, agus leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta. Agus forbairt á déanamh ar na comhaontuithe comhlachais a tugadh i gcrích lenár dtíortha comhpháirtíochta, is ionstraimí neamhcheangailteacha fós na compháirtíochtaí straitéiseacha agus cuimsitheacha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá mé tiomanta an fhaisnéis is gá maidir le gnéithe a bhaineann leis an imirce a chur ar fáil don Pharlaimint, lena n-áirítear plé luath agus malartuithe tuairimí, chun go mbeidh sí in ann a formhaoirseacht dhaonlathach a fheidhmiú ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Tá mé tiomanta i gcónaí an fhaisnéis is gá a chur ar fáil maidir le haon socrú den sórt sin agus teagmháil a dhéanamh leat maidir lenár dtionscnaimh.

Mar a chuirtear i dtábhacht sna Treoirlínte Polaitiúla, ní féidir le smuglaeirí imirceach agus gáinneálaithe ar dhaoine na cinntí a dhéanamh maidir le cé na daoine a thagann chun na hEorpa agus cé na cúinsí faoina dtagann siad. Dá bhrí sin, tá sé i gceist agam an Comhaontas Domhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac a thabhairt chun cinn agus comhpháirtíochtaí oibríochtúla nua a fhorbairt le tíortha tábhachtacha idirthurais agus tionscnaimh, agus tíortha comharsanachta san áireamh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, treiseoidh mé an comhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, trí chur chuige cuimsitheach, lena n-áirítear gach cineál dúshaothraithe a chosc agus íospartaigh a chosaint ar gach cineál dúshaothraithe. D'oibreoinn ar fhaisnéis spriocdhírithe agus ar ardú feasachta ionas nach gcuirfeadh daoine a mbeatha i lámha smuigléirí neamhscrupallacha agus go ndéanfaidís machnamh sula dtabharfaidís faoi thurais chontúirteacha. Chuige sin, d'oibreoinn i ndlúthchomhar leis na comhreachtóirí chun tosaíocht a thabhairt do thabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir leis an reachtaíocht nua frithsmuigleála. Ar an gcaoi sin, bheadh ról neartaithe ag Europol sa réimse sin, ós rud é go bhfuil creat dlíthiúil nua-aimseartha de dhíth orainn chun imscrúdú agus ionchúiseamh níos fearr a dhéanamh ar na coirpigh a dhéanann dochar do shlándáil ár dteorainneacha agus a bhaineann leas as imircigh i gcásanna leochaileacha. Is féidir nasc a bheith ag gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach le dúshaothrú oibrithe, lena n-áirítear dúshaothrú na n-oibrithe sin a bhfuil stádas neamhrialta acu. D'oibreoinn leis na Ballstáit chun dlús a chur le forfheidhmiú dhlí ábhartha an Aontais, athbhreithniú a dhéanamh ar a chur chun feidhme agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tionscnaimh fhéideartha nua.

San am céanna, tá sé i gceist agam leanúint de mhachnamh a dhéanamh maidir leis na dreasachtaí atá ann le haghaidh an imirce neamhrialta a laghdú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, breathnóidh mé ar smaointe breise lenar féidir ár gcuid oibre ar an gComhshocrú a chomhlánú agus tacú léi, lena n-áirítear an obair ar fhillteacha, agus sin a dhéanamh ar an gcur chuige bealach-bhunaithe atá á fhorbairt ag UNHCR agus IOM, agus ar chur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte. Leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, foráiltear maidir le hathbhreithniú ar an gcoincheap sin faoi lár 2025, rud atá i gceist agam a ullmhú agus mé ag éisteacht leis na páirtithe leasmhara uile.

Trí bhealaí sábháilte dleathacha a fhorbairt, cuideofar le turais chontúirteacha agus neamhrialta a chosc. Tá sé d'aidhm agam iarrachtaí an Aontais maidir le hathlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil a mhéadú agus

comhpháirtíochtaí an Aontais le tríú tíortha a bhfuil pobail mhóra dídeanaithe á n-óstáil acu a neartú. Bheadh sé de chuspóir agam leas iomlán a bhaint as an Rialachán maidir le Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil a glacadh le déanaí. Áirítear sa Rialachán sin uirlisí nua, uirlisí a bhfuil Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit araon rannpháirteach iontu, chun iarrachtaí athlonnaithe a mhéadú sna blianta atá le teacht.

D'oibreoinn chun tionscnamh na Comhpháirtíochta Tallainne a chomhdhlúthú agus a leathnú mar chuid den chur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú imirce, agus d'fhonn na scileanna a theastaíonn ó mhargadh saothair an Aontais a mhealladh. Tá an imirce dhleathach fós ina cuid ríthábhachtach dár bhfreagairt ar ghanntanais lucht saothair in earnálacha agus gairmeacha roghnaithe agus dár bhfreagairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha. D'fhonn rannchuidiú le hAontas na Scileanna, d'oibreoinn i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun tacú le hobair na gcomhreachtóirí maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, agus, ina dhiaidh sin, tacú lena cur chun feidhme gasta, chun earcaíocht idirnáisiúnta a éascú go háirithe in earnálacha agus gairmeacha roghnaithe i gcás inar sainaithníodh ganntanais saothair. D'oibreoinn i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin chun cuidiú maidir le daoine a bhfuil an tallann chuí acu a mhealladh chun na hEorpa, agus maidir le bearta chun aitheantas do scileanna náisiúnach tríú tír agus a soghluaisteacht i dtreo an Aontais a éascú. Ina theannta sin, mholfainn go dtabharfaí an chaibidlíocht maidir leis an athmhúnlú ar an Treoir maidir le Cónaitheoirí Fadtéarmacha chun críche go gasta, chun coinneáil scileanna agus tallainne a éascú agus chun feabhas a chur ar lánpháirtiú imirceach a bhfuil cónaí orthu san Aontas cheana féin. Tá sé i gceist agam freisin cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú le haghaidh 2021-2027 a thabhairt chun cinn, agus mholfainn straitéis leantach maidir le lánpháirtiú laistigh de phobail agus den mhargadh saothair.

Is tragóid gach beatha a chailltear ar muir. Is oibleagáid idirnáisiúnta do na Ballstáit agus d'aon long atá faoi bhratach Bhallstáit cúnamh a thabhairt do dhaoine atá i nguais ar muir, beag beann ar na himthosca. Cé gur ar na lárionaid náisiúnta chomhordaithe atá an fhreagracht dhlíthiúil chun tús a chur le hoibríochtaí tarrthála agus chun formhaoirseacht a dhéanamh orthu, tá ról an bhróicéara mhacánta glactha ag an gCoimisiún chun muinín a chothú i measc na mBallstát. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, seasfaidh mé leis an seasamh sin, agus oibreoidh mé leis na Ballstáit chun comhordú níos láidre ar oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála a áirithiú, lena n-áirítear le tríú tíortha comharsanachta. Chuirfinn leis an nGrúpa Eorpach Teagmhála um Chuardach agus Tarrtháil, mar ardán lena bhféadfaí malartú struchtúrtha a dhéanamh, agus leanfainn den idirphlé le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta. Tá sé i gceist agam freisin oibriú le Frontex, comhlacht a rannchuidigh go mór le beatha daoine a shábháil ar muir, chun a áirithiú go bhfaighidh na Ballstáit an tacaíocht a theastaíonn uathu chun a bhfreagrachtaí tarrthála a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí chumais leordhóthanacha faireachais.

Tá mé tiomanta ár rialacha maidir leis an imirce a bhaint amach go héifeachtach. Deis a bheidh san idirphlé bliantúil maidir le cur chun feidhme bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann don chur chun feidhme a shainaithint, agus réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint freisin. Táim ag tnúth le torthaí an idirphlé sin a phlé i bParlaimint na hEorpa agus le bheith ag oibriú le chéile maidir le cur chun feidhme éifeachtach. Léirítear sa Chomhshocrú an chaoi ar cheart an comhar struchtúrtha a bheith ar an mbealach is fearr chun a áirithiú go mbainfear torthaí amach: ach chuirfinn i dtábhacht freisin i gcás ina bhfaighimid go bhfuil bac córasach ar chur chun feidhme cuí dhlí an Aontais, ní bheidh aon drogall orm nósanna imeachta um shárú a mholadh.

**4. Teorainneacha seachtracha**

*D'fhonn na teorainneacha seachtracha a dhéanamh níos láidre agus d'fhonn Frontex a neartú, tá sé de rún ag Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, líon na ngardaí teorann agus cósta Eorpacha a mhéadú faoi thrí i dtreo is go mbeadh 30,000 oifigeach sa Bhuanchór. Bheifeása freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas úd agus as bainistiú comhtháite ar theorainneacha a chur chun cinn. Conas a threiseofaí, dar leat, mar gheall ar na hacmhainní breise sin a sholáthar do Frontex, le cumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar bhagairtí atá ann faoi láthair agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn ar a theorainneacha seachtracha? Cad iad na hathruithe is gá a dhéanamh ar shainordú Frontex, más gá aon athrú a dhéanamh air, dar leat, i bhfianaise go bhfuil sé beartaithe borradh a chur faoin ngníomhaireacht, agus fós a áirithiú go leanfaidh sé de bheith cuntasacht don Pharlaimint?*

*Cad iad na frithbhearta agus na bearta atá beartaithe agat a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara, chun ullmhú a dhéanamh le haghaidh ionsaithe hibrideacha agus le haghaidh buntáiste a bheith á bhreith ar imircigh ar theorainneacha seachtracha an Aontais, agus chun freagairt orthu dís? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat breathnú ar an dóigh a n-úsáidtear teicneolaíochtaí i gcomhréir leis an dlí príomha agus leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga i gcomhthéacs an bhainistithe dhigitigh Eorpaigh ar theorainneacha? Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú i dtreo is nach gcuirfear moill bhreise ar thús a chur le hoibriú*

*an Chórais Dul Isteach / Imeachta agus an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil ná ar athchóiriú foriomlán a dhéanamh ar chórais faisnéise an Aontais maidir le teorainneacha, maidir leis an tslándáil agus maidir leis an imirce?*

*Cad iad na bearta ba cheart a bheith mar chuid den straitéis um beartas víosaí arna fógairt, dar leat? Sa chomhthéacs sin, cad iad na tionscnaimh atá beartaithe agat a dhéanamh chun a ráthú nach mbainfear mí-úsáid as taisteal gan víosa chuig an Aontas, lena n-áirítear mí-úsáid a bheith á baint as ag tríú tíortha gan víosa a bhfuil scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí i bhfeidhm iontu, agus chun na tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le taisteal gan víosa a chaomhnú? An mbeidh tú toilteanach ar ghníomhú i gcoinne bhaol na gclár 'víosa órga', mar a thugtar orthu, atá glactha ag roinnt Ballstát, mar atá iarrtha ag Parlaimint na hEorpa?*

Tá torthaí tábhachtacha maidir le bainistiú teorainneacha bainte amach ag Frontex agus tá ról tábhachtach atá ag fás de shíor aige, agus is iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as bainistiú na dteorainneacha seachtracha. Maidir leis an togra a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla chun an líon oifigeach de chuid an Bhuanchóir a mhéadú faoi thrí go 30 000, bheadh tionchar dearfach aige ar chumais na Gníomhaireachta amach anseo. Is é a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air, mar shampla, sainordú neartaithe Frontex chun tacú leis na Ballstáit maidir le filleadh, ról níos uaillmhianaí a bheith ag Frontex i dtríú tíortha, mar aon le freagairt níos láidre agus níos solúbtha ó Frontex ar bhagairtí hibrideacha ag teorainneacha an Aontais.

Beidh gá le hathrú reachtach trí leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach chun treisiú den sórt a dhéanamh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, féachfaidh mé ar gach rogha atá ar fáil, trí mheasúnú críochnúil a dhéanamh ar na riachtanais, na tionchair agus na himpleachtaí atá ann do pháirtithe leasmhara éagsúla chomh maith leis na costais a bhaineann le leasú den sórt sin. D'oibreoinn i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun a n-acmhainneacht rannchuidiú leis an gcuspóir sin a bhaint amach a mheas. Tá mé tiomanta oibriú i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus go gcuirfidh mé sibh ar an eolas go rialta faoi dhul chun cinn na n-ullmhachtaí agus chun dlúththeagmháil a dhéanamh libh sa nós imeachta reachtach. Ós rud é go mbeidh gá ann acmhainní maithe a chur ar fáil chun Frontex a neartú, ní mór an méid sin a chur san áireamh agus machnamh á dhéanamh ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

Gníomhaithe Stáit naimhdeacha, ar nós an Rúis agus an Bhealarúis, ní hamháin go mbaineann siad leas as daoine éadóchasacha, ach baineann siad leas as ár gcreat dlíthiúil freisin. Measaim gur ionsaí hibrideach ag teorainneacha seachtracha an Aontais an ionstraimiú imirceach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, seasfaidh mé go daingean leis na Ballstáit a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar na bagairtí féideartha sin ar a slándáil agus a n-iomláine chríochach. I ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas, oibreoidh mé chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí cearta ag na Ballstáit atá ag tabhairt aghaidh ar chás ina bhfuil Stát naimhdeach ag cur brú ar na teorainneacha chun freagairt dó go héifeachtach. Sa chomhthéacs sin, feicfidh mé conas a d'fhéadfaí na freagairtí a tugadh le Cód Teorainneacha Schengen agus an Rialachán maidir le Géarchéim agus force majeure a chomhlánú tuilleadh, agus in éineacht leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, féachfaidh mé ar na bealaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin inár gcaidreamh seachtrach. Tá dualgas orainn iomláine chríochach agus slándáil an Aontais a chosaint, iad sin agus slándáil ár saoránach a chosaint.

Tá ceann de na córais bainistithe teorainneacha is forbartha ar domhan á fhorbairt ag an Aontas. Le limistéar Schengen digiteach cuirfear feabhas ar an muinín idir na Ballstáit, méadófar an tslándáil ag na teorainneacha seachtracha agus éascófar taisteal dlisteanach chuig an Aontas. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá mé tiomanta digitiú Schengen a thabhairt ar an bhfód. D'oibreoinn ar dhigitiú na nósanna imeachta maidir le víosaí a chur chun feidhme, chun ardán Aontais coiteann maidir le hiarratais ar víosaí a chur ar bun agus chun an víosa digiteach a thabhairt isteach. Thacóinn leis na comhreachtóirí sa chaibidlíocht chun teacht ar chomhaontú go gasta maidir leis an bpacáiste reachtach a moladh le déanaí i ndáil le doiciméid taistil a dhigitiú. Chun taisteal gan uaim, sábháilte agus slán a bheith ann i limistéar digiteach Schengen, ciallaíonn sé sin gur gá an ailtireacht idir-inoibritheachta a bheith ag feidhmiú go hiomlán freisin. Dá bhrí sin, dhéanfainn mo dhícheall chun go gcuirfí tús le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach-Imeachta agus an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil a luaithe is féidir, lena n-áirítear trí chur chuige céimnithe, agus go mbeadh gach córas mórscála TF idir-inoibritheach, chun slándáil agus éifeachtúlacht trasnuithe teorann a fheabhsú. Tuigim go bhfuil ullmhúcháin ollmhóra déanta cheana féin agus is eol dom na dúshláin a bhaineann le tús na n-oibríochtaí i gcás córais atá chomh forbartha agus casta sin. Tá mé tiomanta oibriú i ndlúchomhar leis na páirtithe uile lena mbaineann, go háirithe le eu-LISA agus leis na Ballstáit, chun teacht ar bhealach chun cinn slán, pragmatach, rathúil chomh gasta agus is féidir.

Leanfaidh forbairt na nuatheicneolaíochtaí agus na hintleachta saorga de thionchar a bheith aici ar limistéar Schengen agus bainistiú teorainneacha. Tá athrú mór tagtha ar fhaireachas teorann de bharr drón, eitleán, satailítí agus ardbhraiteoirí, agus tá athrú tagtha ar sheiceálacha teorann de bharr na hailtireachta nua TF idir-inoibrithí

lena dtugtar isteach malartú sonraí gan uaim agus atá i bhfad níos tapúla faoi chuimsiú chórais faisnéise Schengen nó an Aontais. Ba cheart an teicneolaíocht, mar aon le gach uirlis eile, a chur chun feidhme i gcomhréir dhlúth leis an gcreat dlíthiúil agus le cosaint na gceart bunúsach. Tá mé tiomanta a áirithiú go n-úsáidfear an teicneolaíocht agus an nuálaíocht le haghaidh bainistiú teorainneacha ar bhealach comhréireach éifeachtach, i gcomhréir iomlán le reachtaíocht an Aontais, cearta bunúsacha agus luachanna Eorpacha. Is sampla an Gníomh um an Intleacht Shaorga de sin, gníomh lena leagtar síos an creat dlíthiúil chun na teicneolaíochtaí sin a úsáid go hiontaofa. D'oibreoinn i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis fhreagracha rannpháirteach i dtreoir a fhorbairt maidir le húsáid na hintleachta saorga i mbainistiú teorainneacha. Thacóinn freisin leis an gcomhar leis na Ballstáit agus le Gníomhaireachtaí an Aontais, mar shampla i gcomhthéacs Mhol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach, chun an úsáid is fearr a bhaint as uirlisí nuálacha i gcomhréir iomlán le luachanna Eorpacha, agus leis an reachtaíocht phríomha agus an reachtaíocht thánaisteach, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga.

Tá sé i gceist agam an Straitéis nua um Beartas Víosaí atá leagtha amach sna Treoirlínte Polaitiúla a fhorbairt agus oibriú leis an Ardiondadaí/Leas-Uachtarán agus leis na Coimisinéirí eile. Leis an straitéis ba cheart díriú ar chóras víosaí lenar féidir linn tairbhe iomlán a bhaint as an taisteal idirnáisiúnta a dhéanann turasóirí, daoine gnó agus mic léinn, agus úsáid iomlán á baint as an ngiaráil a bhfuil an beartas víosaí in ann a chur ar fáil chun an comhar le tríú tíortha a neartú agus mí-úsáidí ár gcóras víosaí a chosc. Chun leas iomlán a bhaint as an sásra lena nasctar víosaí agus an athligean isteach, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Straitéis na Ballstáit a spreagadh glacadh go dáiríre le cur chuige Fhoireann na hEorpa agus a bheith réidh leis an sásra a úsáid i ndlúthpháirtíocht leis na Ballstáit eile. Seachas an athligean isteach, d'fhéadfaí leas a bhaint as an mbeartas víosaí chun tuilleadh teagmhála a dhéanamh le tríú tíortha maidir le hábhair a bhaineann leis an tslándáil, i gcomhar le Europol agus Frontex. Bheadh sé d'aidhm agam cur chuige níos struchtúrtha a chur i bhfeidhm maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na liostaí víosaí, rud a chuirfeadh leasanna straitéiseacha an Aontais in iúl, agus é a bheith bunaithe ar chritéir shoiléire oibiachtúla. Leis an straitéis ba cheart bealaí eile a mholadh chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar thríú tíortha a dtairbhíonn a náisiúnaigh de thaisteal gan víosa chuig an Aontas, trí thuilleadh faireacháin a dhéanamh ar rioscaí slándála agus imirce. Dá bhrí sin, beidh sé d'aidhm ag an straitéis aghaidh a thabhairt ar aon mhéadú ar an líon náisiúnach tríú tír atá ag déanamh iarratas ar thearmann san Aontas. Tacóidh tús oibríochtaí an Chórais Dul Isteach-Imeachta agus an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil leis an straitéis.

Ina theannta sin, is amhlaidh i gcónaí gur i gcás go leor daoine a thagann isteach go neamhrialta san Aontas gur tháinig siad isteach inár gcomharsanacht gan víosa ar dtús. Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé ailíniú ár dtíortha comharsanachta leis an Aontas maidir le beartas víosaí a chur chun cinn tuilleadh, go háirithe na hiarrthóirí ar aontachas leis an Aontas. Tá sé fíor-riachtanach go bhformheasfar go gasta an moladh ón gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí agus neartóidh sé sin cumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. Nuair atá an sásra athbhreithnithe glactha, tá sé i gceist agam leas iomlán a bhaint as a éifeacht dhíspreagthach, chun go mbeidh sé sin ina chúis le tarscaoileadh víosa a chur ar fionraí, mar shampla an easpa ailínithe maidir le beartas víosaí, nó oibríocht scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a dhéanann tríú tíortha gan víosa, de réir mar is iomchuí. Níor cheart do thríú tíortha rochtain gan víosa ar an Aontas a úsáid mar uirlis chun infheistíocht aonair a ghiaráil i gcomaoin saoránachta.

Aontaím go hiomlán le Parlaimint na hEorpa go mbaineann rioscaí tromchúiseacha maidir leis an tslándáil, sciúradh airgid, imghabháil cánach agus éilliú le scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí ('víosa órga'). Tá impleachtaí ag na scéimeanna náisiúnta sin ar na Ballstáit eile ar fad agus ar an Aontas i gcoitinne, toisc go dtugann ceadanna cónaithe a chuireann Ballstáit den Aontas ar fáil cearta áirithe do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil na ceadanna sin i seilbh acu, go háirithe an ceart chun gluaiseacht gan bhac laistigh de limistéar Schengen le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta. I bhfianaise gur inniúlacht náisiúnta ceadanna cónaithe a dheonú, is díol sásaimh don Choimisiún na céimeanna a ghlac roinnt Ballstát chun deireadh a chur leis na scéimeanna cónaithe sin d'infheisteoirí nó chun iad a shrianadh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé de bheith ag obair leis na Ballstáit agus bainfidh mé úsáid iomlán as uirlisí an Aontais chun dul i ngleic leis na scéimeanna sin agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leo.

**5. Teorainneacha inmheánacha**

*Tá limistéar Schengen ar cheann de na héachtaí is iomráití dá bhfuil bainte amach ag an Aontas. Mar sin féin, ó bhí 2015 ann, tá rialú á dhéanamh athuair ar theorainneacha inmheánacha i roinnt Ballstát. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat a áirithiú go ndéanfar sláine limistéar Schengen a athbhunú agus a chaomhnú? Cad iad na bearta atá beartaithe agat a dhéanamh chun comhar íon agus muinín fhrithpháirteach a threisiú i measc na mBallstát agus chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile acquis Schengen a urramú go hiomlán? An áireofar ar na bearta úd imeachtaí um shárú i gcoinne na mBallstát sin nach n-urramóidh rialacha Chód Teorainneacha Schengen arna leasú le deireanas? Cad iad na bearta a mholfaidh tú a dhéanamh i dtreo is go gcuirfear deireadh leis na rialuithe ar na teorainneacha talún inmheánacha leis an mBulgáir agus leis an Rómáin?*

Tá Schengen ar cheann de na héachtaí is inbhraite de chuid an Aontais agus is é an limistéar saorghluaiseachta is mó ar domhan é. Rannchuidíonn sé le hiomaíochas an Mhargaidh Aonair agus le fás gheilleagar an Aontais, agus tá meas mór ag saoránaigh agus gnólachtaí air. In 2023 amháin, éascaíodh an taisteal do níos mó ná leathbhilliún cuairteoir leis. Creidim go láidir gur léiriú é Schengen ar phríomhchuspóirí an Aontais: limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha a chur ar fáil dá shaoránaigh, ar bhonn cosaint láidir dár dteorainneacha seachtracha.

Le 10 mbliana anuas, bhí dúshláin ollmhóra ann de dheasca spící neamhrialta imirce, bagairtí slándála inmheánacha agus phaindéim COVID-19. Cé gur uirlis atá ar fáil do na Ballstáit mar rogha dheiridh rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a thabhairt isteach an athuair, tá fíorfhadhbanna ag gabháil leis sin do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a bhíonn ag brath ar an gceart chun saorghluaiseachta. Tá comhar maidir le póilíní trasteorann agus forfheidhmiú an dlí idir na Ballstáit chun bagairtí slándála a chomhrac níos éifeachtaí ná rialuithe teorann inmheánaí i bhformhór mór na gcásanna.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, leanfaidh mé den idirphlé cuiditheach leis na Ballstáit maidir leis an gcaoi is fearr le haghaidh a thabhairt ar a riachtanais shonracha agus maidir le comhar i bhforfheidhmiú an dlí a éascú agus a fheabhsú, go háirithe i limistéir teorann. Áirítear leis sin a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit na socruithe riaracháin is gá i bhfeidhm chun an nós imeachta maidir le haistriú imirceach neamhrialta a chur i bhfeidhm, nós imeachta a tugadh isteach le Cód Teorainneacha Schengen a leasaíodh le déanaí. Úsáid cheart éifeachtach a bhaint as córais mhórscála TF chun faisnéis a chur ar fáil agus a mhalartú, mar shampla Córas Faisnéise Schengen, Eurodac agus an Córas Faisnéise Víosaí, mar aon le hullmhacht fheabhsaithe agus pleanáil theagmhasach, mar a cheanglaítear leis an gComhshocrú, tá siad ríthábhachtach chun muinín sa chóras a chothú, ionas nach measfaidh na Ballstáit gur gá dul i muinín rialuithe teorann inmheánaí a thabhairt isteach an athuair.

Tá mé tiomanta cur chun feidhme agus forfheidhmiú iomlán éifeachtach *acquis* Schengen a áirithiú, lena n-áirítear na hoibleagáidí nua dianfhaireacháin agus tuairiscithe i gCód Teorainneacha Schengen agus eisiúint tuairimí ón gCoimisiún mar a leagtar amach sna rialacha nua. I gcás nach mbeadh torthaí sásúla ar an gcomhar maidir le cur chun feidhme, bheinn réidh le himeachtaí um shárú a thionscnamh dá mba ghá.

Cé go leanann an Bhulgáir agus an Rómáin de na coinníollacha uile a chomhlíonadh chun bheith ina mbaill iomlána de limistéar Schengen – ó bhí 2011 ann – tá sé de shaincheart agus de fhreagracht ar an gComhairle cinneadh a dhéanamh deireadh a chur leis na rialuithe atá fágtha ag na teorainneacha inmheánacha talún. Mura nglacfaidh an Chomhairle cinneadh roimh thús an tsainordaithe nua, má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Chomhalta den Choimisiún, leanfaidh mé de thacaíocht iomlán a thabhairt don phróiseas sin leis an déine chéanna agus a thug mo réamhtheachtaithe. Tá an Bhulgáir agus an Rómáin i dteideal leas iomlán a bhaint as limistéar Schengen. Chomh maith leis sin, beidh ár limistéar Schengen níos láidre agus níos sábháilte tar éis deireadh a chur le seiceálacha teorann talún.

**6. Slándáil**

*De réir do litreach misin, ceann de na cúraimí is práinní a bheidh ort is ea Straitéis Eorpach nua um an tSlándáil Inmheánach a cheapadh, ar cheart neartú ar shainordú agus acmhainní Europol a bheith mar chuid di. Cad iad na bearta a mholfá a dhéanamh chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, an sceimhlitheoireacht agus an chibearchoireacht a chomhrac go héifeachtach? Cad iad na tionscnaimh reachtacha a smaoineofá ar iad a dhéanamh sa réimse seo? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat 'gníomhaireacht phóilíneachta fhíoroibríochtúil' a dhéanamh de Europol, agus fós a áirithiú nach mbeidh forluí ann leis na hinniúlachtaí náisiúnta ná le hinniúlachtaí Ghníomhaireachtaí eile an Aontais, agus go bhféadfaidh an Pharlaimint formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh? Cén ról a bheadh ag Eurojust sa chomhthéacs sin, dar leat? An ndéanfaidh tú tograí reachtacha freisin chun a chur ar chumas na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach oibriú i gcomhar le chéile, ar bhealach níos fearr, ar fud na hilchríche chun líonraí coiriúla a chomhrac? Cad atá beartaithe agat a áireamh sa Chlár Oibre úr don Fhrithsceimhlitheoireacht agus cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat aghaidh a thabhairt ar radacú agus ar antoisceachas foréigneach?*
*Ós rud é go mbeadh sé de chúram ort, agus tú i do Choimisinéir, Eoraip níos sábháilte agus níos sláine a thabhairt chun fíoraithe, cén ról a bheadh agat, dar leat, i ndáil lena áirithiú go ndéanfaí straitéisí sin an Aontais a bhfuil sé d'aidhm acu frithsheimíteachas agus fuath do Mhoslamaigh a chomhrac agus imeascadh a chothú, go ndéanfaí iad a chur chun feidhme go héifeachtach? Conas a oibreoidh tú i gcomhar leis an gCoimisinéir um Chomhionannas sa réimse úd?*

Beidh neartú chreat slándála inmheánaí an Aontais, cosaint shlándáil na ndaoine atá ina gcónaí san Aontas agus ár gcomhtháthú sochaíoch ar na príomhthosaíochtaí a bheidh agam má dheimhnítear m'ainmniúchán. Ní mór dár sochaithe a bheith níos feasaí faoi na bagairtí atá os ár gcomhair agus a bheith níos ullmhaithe chun dul i ngleic leo. Tosaíocht luath a bheadh ann dom Straitéis Eorpach nua um an tSlándáil Inmheánach a chur i láthair. Leis an méid sin bhreathnófaí ar bhagairtí, iad ar líne agus as líne. Bheadh sé d'aidhm agam a áirithiú go ndéanfaí reachtaíocht agus tionscnaimh nua uile an Aontais a dhearadh agus saincheisteanna slándála á gcur san áireamh ón tús, rud a chuideodh linn a bheith ullamh do bhagairtí atá ag teacht chun cinn, agus atá ag teacht ó laistigh den Aontais agus lasmuigh de araon. Ós rud é go mbíonn tionchar ag forbairtí domhanda ar shlándáil an Aontais, ní mór an tslándáil inmheánach a bheith ina dlúthchuid de chaidreamh an Aontais le tríú tíortha.

Beidh comhrac éifeachtach na coireachta eagraithe ina phríomhshruth oibre de chuid na Straitéise Eorpaigh um an tSlándáil Inmheánach. Ní hamháin gur bagairt do bheatha agus do shlándáil daoine an choireacht eagraithe, ach is bagairt freisin í dár ndaonlathas, dár tsochaí agus dár bhforbairt eacnamaíoch freisin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam athchóiriú a mholadh ar reachtaíocht an Aontais sa réimse sin, reachtaíocht a théann siar go 2008. Ó shin i leith, tá grúpaí coireachta eagraithe ag éirí níos cumhachtaí, níos ilchoiriúla agus níos ilnáisiúnta. Ní mór uirlisí dlíthiúla a bheith ag údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí agus ag údaráis bhreithiúnacha náisiúnta, uirlisí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh líonraí coiriúla ardriosca a dhíchur, go háirithe trí imscrúduithe níos éifeachtaí a éascú. Chun líonraí coiriúla ardriosca a dhíchur, tá sé i gceist agam a mholadh go bhfeabhsófar an comhar trasteorann agus imscrúduithe airgeadais, agus go gcuirfear cur chun feidhme gasta na Treorach maidir le Coigistiú agus Aisghabháil Sócmhainní chun cinn. Tá an gháinneáil ar dhaoine ar cheann de ghníomhaíochtaí na coireachta eagraithe is díobhálaí: Táim réidh chun Straitéis an Aontais um gháinneáil ar dhaoine a chomhrac tar éis 2025 a threisiú.

Is í an gháinneáil ar dhrugaí an réimse coireachta is brabúsaí le haghaidh grúpaí coireachta eagraithe. Tá sé i gceist agam plean gníomhaíochta Eorpach nua i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí a mholadh, rud a chuirfidh le torthaí na meastóireachta ar an bplean Straitéise agus Gníomhaíochta atá ann faoi láthair. Chun cur le Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach, d'oibreoinn leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht chun Straitéis chuimsitheach Eorpach um Chalafoirt a fhorbairt, straitéis ina ndíreofaí go láidir ar shlándáil agus ar chalafoirt a chosaint ar insíothlú coiriúil. Sa chomhthéacs sin, d'oibreoinn i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta freisin chun ár gcomhrac i gcoinne an éillithe a neartú, rud a chumasaíonn an choireacht eagraithe go mór, go háirithe an gháinneáil ar dhrugaí. Thacóinn le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh ionas go ndéanfaidh sí a sainordú nua a oibríochtú go hiomlán chun freagairt go tapa do bhagairtí atá ag teacht chun cinn agus mholfainn bearta chun cur i gcoinne táirgeadh méadaithe drugaí sintéiseacha san Aontas. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam freisin féachaint an bhfuil ár rialacha maidir le gáinneáil ar dhrugaí aindleathacha fós oiriúnach don fheidhm, agus oibriú le comhaltaí eile den Choláiste chun measúnú a dhéanamh ar an ngá an reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun dul i ngleic leis an méadú atá tagtha ar réamhtheachtaithe drugaí dearthóra.

I bhfianaise chineál domhanda agus trasteorann an chomhraic i gcoinne na coireachta trasnáisiúnta tromchúisí agus eagraithe, beidh sé riachtanach comhar idirnáisiúnta an Aontais le tríú tíortha tábhachtacha a neartú trí idirphlé

slándála, comhaontuithe idirnáisiúnta agus comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán glacfaidh mé mo ról chuige sin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam freisin Clár Oibre nua a mholadh chun an Sceimhlitheoireacht agus an tAntoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac. Sa chlár oibre nua, ba cheart béim ar leith a leagan ar ghníomhaíochtaí chun cur i gcoinne ionsaithe a dhéanann daoine aonair atá ag gníomhú go neamhspleách nó i gcealla beaga, ar minic a bhíonn ullmhúchán teoranta déanta acu agus a úsáideann siad armra atá inrochtana go héasca chun díriú ar spásanna dlúthdhaonra nó spásanna lena mbaineann siombalachas nach beag. Ós rud é gur minic a dhéantar na hionsaitheoirí aonair sin a radacú trí bholscaireacht ar líne, ba cheart dul i ngleic le gné ar líne an radacaithe a bheith ina phríomhghné den chlár oibre nua. Ós rud é gur gá dúinn srian a chur leis an rochtain ar na huirlisí a úsáidtear in ionsaithe, tá sé i gceist agam measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht nua chun cionta coiriúla a chomhchuibhiú i réimse na gáinneála aindleathaí ar airm agus athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le réamhtheachtaithe pléascán, nithe a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun pléascáin bhaile a thógáil. Ós rud é go dtarlaíonn go leor ionsaithe sceimhlitheoireachta i spásanna poiblí, mar shampla moil iompair, ionaid adhartha nó limistéir coisithe, thacóinn freisin leis an bplean gníomhaíochta maidir le cosaint spásanna poiblí a thabhairt cothrom le dáta trí thionscnaimh nua le haghaidh comhar príobháideach poiblí, lena n-áirítear maidir le nuatheicneolaíochtaí agus trealamh braite. Chun cur i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, ba mhaith liom féachaint ar Chóras Aisghabhála Sonraí Airgeadais Frithsceimhlitheoireachta Eorpach a chruthú chun cuidiú leis na húdaráis náisiúnta gluaiseachtaí airgeadais a dhéanann líonraí sceimhlitheoireachta a bhrath agus a rianú.

Chun an radacú a chosc, go háirithe ar líne, oibreoidh mé chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne i bhfeidhm go hiomlán agus chun a mheas an gá é a neartú. Déanfaidh mé machnamh freisin ar ról Europol a threisiú chun mol frithsceimhlitheoireachta a dhéanamh de chun scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta agus fhoréignigh antoisceaigh ar líne a chomhrac agus chun an mhí-úsáid a bhaineann sceimhlitheoirí as nuatheicneolaíochtaí a chomhrac, agus chun malartú faisnéise a éascú idir gníomhaithe slándála. I gcomhthreo leis sin, ba cheart d'Fhóram Idirlín an Aontais leanúint de ról ríthábhachtach a imirt i gcomhar le tionscal na teicneolaíochta chun dul i ngleic le hábhar sceimhlitheoireachta ar líne, agus ba cheart do Mhol Eolais an Aontais maidir leis an Radacú ár n-iarrachtaí coisctheacha a threorú.

Maidir leis an gcoireacht chibear-éascaithe, lena n-áirítear sceamálacha ar líne, comhéigean gnéis, bogearraí éirice agus calaois chéannachta, tá coinne leis go mbeidh sí ar an tríú 'geilleagar is mó' ar domhan faoi 2025. Má fhormhuiníonn Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe é, leis an gCoinbhinsiún nua maidir le Cibearchoireacht feabhsófar go mór an comhar idirnáisiúnta sa réimse sin, agus cearta bunúsacha á gcosaint san am céanna. D'oibreoinn i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas agus leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun síniú, daingniú agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin sin a bhaint amach. Dhíreoinn freisin ar chomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a chur chun feidhme, comhaontuithe atá fíor-riachtanach chun rochtain trasteorann údarás forfheidhmithe dlí ar fhianaise leictreonach atá i seilbh cuideachtaí a éascú, go háirithe an comhaontú idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe maidir le rochtain ar fhianaise leictreonach atá á chaibidliú faoi láthair. Ós rud é go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach gur féidir fianaise ar choireanna a fhágtar ar líne a úsáid chun coirpigh a thabhairt os comhair na cúirte, má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá mé tiomanta tabhairt faoin gcúram uirlisí fhorfheidhmiú an dlí chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhigiteach a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear féachaint ar rialacha maidir le coinneáil sonraí, agus cearta bunúsacha á n-urramú. Ní mór do Europol leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit trí chúnamh fóiréinseach, oibríochtúil agus anailíse a thabhairt dóibh.

Tá ról ríthábhachtach ag Europol maidir le tacaíocht a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe agus na sceimhlitheoireachta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam oibriú chun gníomhaireacht phóilíneachta fhíoroibríochtúil a dhéanamh di, agus é a bheith d'aidhm agam líon a foirne a mhéadú faoi dhó le himeacht ama. Is gá do Europol freastal ar riachtanais oibríochtúla na mBallstát agus oibriú i gcomhordú agus i gcomhlántacht níos dlúithe le Gníomhaireachtaí eile an Aontais. Chun cur leis an meastóireacht ar an Rialachán atá ann faoi láthair, arb é sin measúnú tionchair domhain agus comhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara, le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit, mholfainn sainordú Europol a neartú, go háirithe an ról atá aige maidir le himscrúdú a dhéanamh ar choireanna trasteorann, mórscála casta a bhfuil riosca tromchúiseach ar shlándáil an Aontais ag gabháil leo. D'oibreoinn i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun comhar éifeachtach a áirithiú idir Europol agus Eurojust, sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe lena n-áirítear trína áirithiú go bhfuil Eurojust in ann an obair leantach bhreithiúnach ar imscrúduithe ar leibhéal fhorfheidhmiú an dlí a dtacaíonn Europol leo a áirithiú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, féachfaidh mé freisin an féidir an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla a leathnú agus a neartú chun comhar oibríochtúil comhpháirteach i bhforfheidhmiú an dlí a threisiú i gcoinne bagairtí tosaíochta na coireachta le Ballstáit an Aontais, ár ngníomhaireachtaí agus dlúth-chomhpháirtithe seachtracha. I gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, mholfainn freisin Córas Cumarsáide Criticiúla Eorpach a bhunú, córas a úsáidfidh na húdaráis forfheidhmithe dlí agus freagartha éigeandála atá i gceannas ar shlándáil agus ar shábháilteacht.

Is díol sásaimh dom an cúram atá á chur ar m'iontaoibh an frithsheimíteachas agus an fuath i leith Moslamach a chomhrac. Ní mór an tAontas a bheith ina áit shábháilte shlán do chách, lena n-áirítear pobail Ghiúdacha agus Mhoslamacha, áit atá saor ó shaincheisteanna idirdhealaithe, fuatha, foréigin agus slándála go háirithe sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Maidir leis an bhfrithsheimíteachas, má dheimhnítear m'ainmniúchán cuirfidh mé dlús le cur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, leanfaidh mé de mheasúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus na bagairtí, agus, más gá tabharfaidh mé Straitéis an Aontais cothrom le dáta. Maidir leis an bhfuath i leith Moslamach, d'fhéachfainn ar chur chuige níos straitéisí a shaothrú, chun tuiscint iomlán a fháil ar mhéid an fhuatha i leith Moslamach, agus é sin bunaithe ar bhailiú sonraí feabhsaithe, agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Ullmhacht, Bainistíocht Ghéarchéime agus Comhionannas. Díol sásaimh a bheadh ann dom freisin an deis leanúint d'idirphlé an Choimisiúin a chothú le heaglaisí agus le comhlachais nó pobail reiligiúnacha, agus le heagraíochtaí fealsúnacha agus neamhchreidmheacha freisin.

Tá mé tiomanta féachaint ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an pholaraithe sa tsochaí agus tacú leo, lena n-áirítear i bhfianaise na moltaí a chuir an Painéal Saoránach Eorpach i láthair maidir leis an bhFuath sa tSochaí a Chomhrac chun aghaidh a thabhairt ar an bhfuathchaint agus ar an bhfuathchoireacht. Tagann an t-antoisceachas as aon chineál fuatha. Tá mé tiomanta freisin cur chuige comhordaithe a chur chun cinn ar fud na mBallstát, agus oibreoidh mé i ndlúthchomhar le húdaráis náisiúnta agus áitiúla, le tionscal na teicneolaíochta agus leis an tsochaí shibhialta chun an athléimneacht a chothú agus chun a chosc go dtiocfaí idé-eolaíochtaí antoisceacha i dtreis. Bunchloch dár n-iarrachtaí sa réimse sin a bheidh i Mol Eolais an Aontais Eorpaigh maidir le radacú a chosc.

**7. Rochtain ar shonraí chun críocha forghníomhaithe dlí**

*Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat aghaidh a thabhairt ar an dúshlán nach beag atá ann rochtain éifeachtach ar shonraí pearsanta a áirithiú chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus fós, go comhuaineach leis sin, prionsabal an riachtanais agus prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh agus cearta príobháideachais agus cearta cosanta sonraí a chaomhnú? Cad iad na coimircí atá beartaithe agat a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar rialuithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le coinneáil sonraí agus maidir le rochtain ar shonraí chun críocha forghníomhaithe dlí a chomhlíonadh go hiomlán? An dtabharfaidh tú aghaidh freisin ar chriptiú agus rialacha maidir le rochtain á moladh agat?*
*Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat an bac ar an togra maidir le Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí ar líne a bhaint chun a áirithiú go gcomhlíonfar príomhsprioc an togra, eadhon leanaí a chosaint, agus go dtabharfar aghaidh ar an gcorrabhuais atá ann maidir leis an gceart chun príobháideachais a choimirciú? Más rud é nach mbeidh Rialachán ar an gcomhad seo ann sula rachaidh an dara fadú ar an Rialachán Eatramhach in éag an 3 Aibreán 2026, cad iad na bearta a mholfaidh tú a dhéanamh chun bearna reachtach a sheachaint?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá mé tiomanta teacht ar chur chuige cothrom atá fónta ó thaobh an dlí de chun rochtain éifeachtach ar shonraí maidir le forfheidhmiú an dlí agus leis an mbreithiúnacht a áirithiú, agus príobháideachas agus cosaint sonraí á n-urramú san am céanna, mar aon le ceanglais chibearshlándála, agus gnéithe teicneolaíocha á chur san áireamh. Ní mór don Aontas geilleagar digiteach láidir a thógáil inar féidir le saoránaigh a fheiceáil go mbeidh rath air, go gcaomhnóidh sé an tslándáil agus go gcosnóidh sé cearta bunúsacha. Ag an am céanna, de réir mar a athraíonn an tsochaí agus an geilleagar ar bhonn digiteach, athraíonn coirpigh, sceimhlitheoirí agus gníomhaithe bagartha eile ar an mbonn céanna, chun gníomhaíochtaí coiriúla a shaothrú agus forfheidhmiú an dlí a sheachaint. Chun a áirithiú go mbeidh cumais nua-aimseartha agus nuálacha ag na húdaráis inniúla chun an choireacht a chomhrac, tá sé fíor-riachtanach go mbeifear in ann an dlí a fhorfheidhmiú chun rochtain chomhréireach ar shonraí a bheith ann chun coireanna a nascadh le déantóirí coireanna, tacú le himscrúduithe, íospartaigh a chosaint agus chun líonraí coiriúla a dhíchóimeáil. Mar sin féin, sa lá atá inniu ann, le bacainní dlíthiúla agus teicniúla, mar aon leis an easpa dlíthe comhchuibhithe maidir le coinneáil sonraí ar fud na mBallstáit, cuirtear bac ar imscrúduithe náisiúnta agus déanann siad an comhar trasteorann níos casta. D'ainneoin na ndúshlán sin, táim cinnte de gur féidir linn teacht ar réitigh éifeachtúla a sheasfaidh an aimsir chun rochtain dhleathach ar fhaisnéis dhigiteach a éascú. Tá sé sin fíor-riachtanach chun ár saoránaigh a chosaint agus chun seasamh leis an smacht reachta, agus prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta á n-urramú go hiomlán.

Ag an am céanna, ní mór dúinn gan leochaileachtaí nua a thabhairt isteach a d'fhéadfadh gníomhaithe mailíseacha iad a dhúshaothrú nó gan buntáistí an chriptithe a cheistiú. Ní mór dúinn cothromaíocht a bhaint amach, rud a chuirfidh ar ár gcumas dúinn an príobháideachas a chosaint, agus an tslándáil á soláthar agus é á áirithiú go gcosnófar ár saoránaigh agus ár sochaithe ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn san am céanna. Tá riachtanais oibríochtúla na n-údarás forfheidhmithe dlí agus breithiúnach leagtha amach ag an ngrúpa ardleibhéil um rochtain ar shonraí maidir le forfheidhmiú an dlí, agus áirítear ar na moltaí raon beart éagsúil, mar shampla fothú acmhainneachta, comhar leis an tionscal, caighdeánú agus reachtaíocht. Ba cheart iad a bheith ina rannchuidiú luachmhar maidir leis an obair sa réimse sin, rud a éilíonn measúnú tionchair domhain.

Bíonn tionchar plúchtach ag an gcoireacht agus an neamhshlándáil ar an tsochaí, agus mura dtugtar aghaidh orthu i gceart, coisctear daoine a saoirsí a fheidhmiú, a gcuid tuairimí a chur in iúl nó na sráideanna a shiúl ar a gcompord. Is féidir go mbíonn na bagairtí níos dírí freisin, ní hamháin as líne ach ar líne freisin. Tá leanaí go háirithe i mbaol, agus ní mór dúinn tuilleadh a dhéanamh chun iad a chosaint ón iliomad riosca atá ann idir an chibearbhulaíocht agus chomhéigean gnéis, idir spleáchais ar líne agus radacú. Táim cinnte maidir leis an ngá agus an phráinn atá ann an Rialachán atá beartaithe a ghlacadh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac. In 2010 bhí thart ar 1 mhilliún tuairisc ann d'ábhar mí-úsáide leanaí agus den mhealltóireacht ar líne. Faoi 2023 bhí níos mó ná 36 mhilliún ann. Maidir leis an Rialachán 'eatramhach' atá ann cheana, rialachán lena gceadaítear do sholáthraithe ardán áirithe ar líne mí-úsáid ghnéasach leanaí a bhrath go deonach, rachaidh sé in éag i mí Aibreáin 2026. Gan na rialacha fadtéarmacha atá beartaithe, rialacha maidir leis an gcineál braite sin lenar cuidíodh le leanaí a tharrtháil agus ciontóirí a shainaithint le breis agus 10 mbliana, beidh toirmeasc air san Aontas. Creidim gur féidir linn agus gur cheart dúinn teacht ar bhealach inmharthana chun an chaibidlíocht a thabhairt chun críche ionas go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in am sula rachaidh an Rialachán eatramhach in éag.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá mé tiomanta freisin oibriú chun an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích maidir leis an athbhreithniú ar an treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac. Comhlánaíonn an Treoir an Rialachán agus cuirtear caighdeán coiteann ar fáil léi le haghaidh imscrúduithe coiriúla agus ionchúisimh choiriúla, lena gcomhchuibhítear sainmhínithe ar chionta agus ar smachtbhannaí. Is cuid fhíor-riachtanach é sin den chothromaíocht a éilíonn ár tsochaí ar an domhan digiteach.

<u>Ceist ón gCoiste um Fhorbairt</u>

*8. I bhfianaise do chuid oibre ar ghnéithe seachtracha den imirce agus den tsoghluaisteacht, agus ó tharla go maítear sa Rialachán maidir leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) — an Eoraip Dhomhanda, gur cheart 10% dá cistiú a chur i leataobh chun aghaidh a thabhairt ar an imirce agus ar easáitiú éigeantach, conas a rachaidh tú, ar bhealach nithiúil, i mbun an chúraim a luaitear i do litir mhisin, eadhon 'a áirithiú go mbeidh saincheisteanna imirce ina gcuid oibríochtúil de chomhpháirtíochtaí', le tíortha atá i mbéal forbartha go sonrach, agus conas a bheidh an obair sin ina léiriú ar phrionsabal an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt An féidir leat gealltanas a thabhairt go n-áiritheoidh tú go soláthrófar faisnéis chuimsitheach agus luath don Pharlaimint chun go bhféadfar grinnscrúdú iomchuí a dhéanamh ar chomhaontuithe um imirce arna dtabhairt i gcrích le tíortha atá i mbéal forbartha, lena n-áirítear trédhearcacht faoi shocruithe neamhfhoirmiúla ar an imirce amhail Meabhráin Tuisceana? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat oibriú i gcomhar leis na Coimisinéirí eile ar ghnéithe seachtracha den imirce agus cúram na ngnéithe seachtracha den imirce a chomhroinnt leo?*

Is gné thábhachtach dár gcur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú imirce éifeachtach cothrom comhpháirtíochtaí cuimsitheacha comhthairbheacha a chothú le tríú tíortha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam oibriú i ndlúthchomhar leis na Coimisinéirí atá ag obair ar an gcaidreamh seachtrach, chun a áirithiú go mbeidh an beartas imirce mar chuid de chur chuige 360 céim níos leithne. Ciallaíonn sé sin tuiscint a fháil ar leasanna agus ábhair imní ár gcomhpháirtithe, agus leasanna Aontais ar nós bainistiú imirce a chur i measc leasanna comhroinnte eile i réimsí eile mar shampla an trádáil nó fuinneamh mar chuid de chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha. Le comhar i réimsí mar sin neartaítear ár nguth a mhéid a bhaineann le saincheisteanna imirce. Is amhlaidh atá i gcás cistiú chun tacú le fothú acmhainneachta chun an imirce neamhrialta a bhainistiú agus a chosc, mar aon le dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhrialta. Le hinfheistíochtaí Global Gateway an Aontais dírítear ar réimse na forbartha eacnamaíche, réimse an oideachais, réimse an chruthaithe poist, réimse an chúraim sláinte, an réimse digiteach, réimse na haeráide agus réimse an iompair. Cuideoidh sé sin le bonn rathúnais agus scileanna ár gcomhpháirtithe. Trí bhealaí sábháilte dleathacha a fhorbairt, agus trína n-úsáid a chur chun cinn, cuideofar le turais chontúirteacha agus neamhrialta a chosc. D'oibreoinn leis na Coimisinéirí eile chun Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur chun cinn, ar féidir leo cuidiú leis an gcomhar maidir le soghluaisteacht an

lucht saothair a struchtúrú, agus é a bheith d'aidhm acu borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair in earnálacha agus i ngairmeacha ar leith, agus san am céanna, forbairt scileanna agus fás eacnamaíoch i dtíortha tionscnaimh na n-imirceach a chur chun cinn.

Is gné dhílis den chur chuige sin go n-oibreoidh Coimisinéirí éagsúla i ndlúthchomhar chun comhpháirtíochtaí a chothú. D'oibreoinn i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta agus leis an gCoimisinéir um Réigiún na Meánmhara chun beartais inmheánacha agus sheachtracha a thabhairt le cheile agus chun comhleanúnachas foriomlán iarrachtaí an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt. Leis sin beimid in ann a áirithiú go ndéanfar bainistiú na himirce a chomhtháthú go hiomlán i gcomhpháirtíochtaí le tíortha i mbéal forbartha, go háirithe tíortha tionscnaimh agus idirthurais, agus cearta bunúsacha agus oibleagáidí dlíthiúla idirnáisiúnta á n-urramú san am céanna. Níor cheart dúinn neamhaird a thabhairt ar roinnt mhaith tríú tíortha a bhfuil líon mór dídeanaithe á n-óstáil acu: Tá traidisiún uaibhreach ag an Eoraip cabhrú le tíortha agus pobail iad a óstáil.

Mar a mhínítear thuas, d'áiritheoinn go mbeadh an Pharlaimint ar an eolas i gcónaí faoi shocruithe le tríú tíortha i réimse na himirce. Tá mé tiomanta i gcónaí an fhaisnéis is gá a chur ar fáil maidir le haon socrú den sórt sin agus teagmháil a dhéanamh leat maidir lenár dtionscnaimh.